


**Inniu beidh muid ag foghlaim cúig fhíric iontacha faoi sheangáin!**

## Fíric a hAon

Is feithidí beaga iad seangáin. De ghnáth bíonn siad idir 0.08 agus 1 orlach (idir 2 agus 25 milliméadar) ar fad, ag brath ar an speiceas. Ainneoin go bhfuil siad beag, tá siad an-láidir agus is féidir leo rudaí atá i bhfad níos troime ná iad féin a iompar. Is féidir le seangáin áirithe rudaí atá 50 uair níos troime ná iad féin a iompar, rud a chiallaíonn gurb ionann iad agus ceann de na feithidí is láidre atá ann i gcomparáid lena méid.

## Fíric a Dó

Feithidí sóisialta iad na seangáin, agus cónaíonn siad i ngrúpaí móra ar a dtugtar cóilíneachtaí. D’fhéadfadh na céadta nó fiú na milliúin seangán a bheith le fáil i gcoilíneacht, iad ar fad ag obair le chéile chun nead a dhéanamh, bia a fháil agus aire a thabhairt do na seangáin óga. Tá ról ar leith ag gach seangán sa choilíneacht, cosúil leis an gcráinseangán, an seangán oibre nó an seangán cogaidh, agus oibríonn siad le chéile chun a chinntiú go n-éiríonn go breá leis an gcoilíneacht.

## Fíric a Trí

Tógann an choilíneacht seangán neadacha casta, a d’fhéadfadh a bheith ar fáil faoin talamh, i gcrainn nó taobh istigh d’fhoirgnimh fiú. Bíonn go leor seomraí agus tollán sna neadacha. Bíonn cuspóir ar leith ag gach ceann acu, cosúil le gorlann do na seangáin óga, áiteanna chun bia a stóráil agus spásanna cónaithe do na seangáin oibre. Úsáideann na seangáin a mandabail láidre – is é sin a mbéil – chun na háiteanna cónaithe sin a thochailt agus a fhorbairt.

## Fíric a Ceathair

Úsáideann seangáin modhanna éagsúla chun cumarsáid a dhéanamh lena chéile, cosúil le teagmháil a dhéanamh lena chéile lena n-aintéiní, fuaim a dhéanamh nó ceimiceáin speisialta a úsáid ar a dtugtar fearamóin. Trí úsáid a bhaint as na modhanna éagsúla sin, is féidir le seangáin eolas maidir le foinsí bia, dainséir agus faoin áit a bhfuil a nead a roinnt lena chéile, agus cabhrú leis an gcoilíneacht oibriú go héifeachtach le chéile.

## Fíric a Cúig

Tá níos mó ná 12,000 speiceas seangáin ann, agus itheann siad rudaí éagsúla ag brath ar an speiceas agus ar an timpeallacht. Is uiliteoirí iad seangáin áirithe. Itheann siad plandaí agus ainmhithe eile. Is creachadóirí nó scroblachóirí iad seangáin eile. Is breá le seangáin feithidí, síolta, neachtar agus fiú amháin fungas a ithe. Bailíonn an seangán duillghearrtha, mar shampla, duilleoga chun fungas a fhás ina nead, fungas a itheann sé.
Tá súil agam gur bhain sibh taitneamh as an gcúig fhíric iontacha sin faoi sheangáin, feicfidh mé arís sibh!